Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2018
(OR. en)

9043/18

LIMITE

VISA 119
MIGR 65
COMIX 261
CODEC 785

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0061 (COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle/Coiste Measctha (AE-an Íoslainn/an Iorua agus an Eilvéis/Lichtinstéin) |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) |

**Réamhrá**

1. Ar an 14 Márta 2018, thíolaic an Coimisiún togra reachtach lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (7173/18).

2. Thosaigh Uachtaránacht na Bulgáire ag scrúdú an téacs i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle go luath ina dhiaidh sin. Ag na cúig chruinniú a bhí ag an Meitheal um Víosaí, díríodh den chuid is mó ar an togra, agus ar thograí comhréitigh áirithe ón Uachtaránacht[1], lena léirítear na barúlacha ó bhéal agus na barúlacha i scríbhinn a chuir na toscaireachtaí in iúl.

3. Tionóladh díospóireachtaí beartais ar an leibhéal polaitiúil, in Coreper (28 Márta 2018) agus in SCIFA (16 Bealtaine 2018) chun treoir a thabhairt don Mheitheal thuasluaite maidir le saincheisteanna áirithe atá íogair ó thaobh na polaitíochta de.

[1] 7981/18, 8475/18 agus 8800/18.

4. Rinneadh dul chun cinn suntasach faoin Uachtaránacht reatha ar chuid mhór gnéithe teicniúla den togra, amhail leibhéal na dtáillí víosaí, gnéithe áirithe de na socruithe maidir le hionadaíocht, na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir le víosaí a eisiúint, socrú na mBallstát atá inniúil ar iarratas a scrúdú agus a chinneadh, eisiúint víosaí dul isteach iolrach agus comhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha.

5. Tá ceann de bhuneilimintí den togra ón gCoimisiún fós le réiteach ag an gcéim seo i.e. an nasc idir an beartas víosa agus athligean isteach, agus ba cheart tuilleadh treoir pholaitiúil a chur ar fáil chun teacht ar réiteach a bhféadfaí teacht ar chomhaontú ina leith.

6. Molann an Coimisiún sásra nua a chruthú chun go mbeidh coinníollacha níos déine i gceist maidir le víosaí a phróiseáil i gcás nach gcomhoibríonn tríú tír ar bhealach leordhóthanach sa mhéid a bhaineann le himircigh neamhrialta a athligean isteach. Baineann díospóireacht faoin tsaincheist sin a théann ar ais go 2015 leis an togra maidir le nasc mar sin a chódú sa Chód Víosaí (i gcomhthéacs an athmhúnlaithe ar an gCód Víosaí), rud a luaigh an Chomhairle CGB go sonrach ina conclúidí an 8 Meitheamh 2017.

7. Faoi láthair, i gcás neamh-chomhoibriú i réimse an fhillidh, is féidir bearta sonracha a ghlacadh faoi chuimsiú an bheartais víosaí, agus forálacha an Chóid Víosaí á gcomhlíonadh ina n-iomláine, bunaithe ar an 'bosca uirlisí' mar a thugtar air, a d'fhormhuinigh Ionadaithe Rialtais na mBallstát agus Ionadaithe Rialtais na Stát Comhlachaithe i mí Bealtaine 2017 (9880/17 RESTREINT UE/EU RESTRICTED). Cruthaíodh leis an gcéad chás samplach chun tús a chur leis an bpróiseas seo, an Bhanglaidéis, (áit ar cinneadh sa deireadh thiar nach raibh gá le feidhmiú na mbeart víosaí) go raibh éifeacht dhearfach choisctheach ag gabháil leis an sásra.

8. In Coreper, ar an 28 Márta 2018, thacaigh na toscaireachtaí go ginearálta leis an bprionsabal maidir leis an nasc a chódú in ionstraim dhlíthiúil (i.e. an Cód Víosaí) mar bhealach chun cinnteacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a áirithiú. Ag an am céanna, chuir cuid mhór de na toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu faoi dhá shaincheist atá sa togra ón gCoimisiún: 1) níor tugadh go leor sonraí faoi na táscairí atá le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal an chomhair le tríú tíortha maidir le hathligean isteach, agus 2) níor léiríodh cineál polaitiúil an chinnidh chun an beartas víosaí a ghníomhachtú mar ghiaráil sa phróiseas cinnteoireachta.

9. Le linn an scrúdaithe ar an togra ar an leibhéal teicniúil, mhol toscaireacht na Fraince agus toscaireacht na Gearmáine (8526/1/18 REV 1) cur chuige eile (i.e. dreasachtaí dearfacha a chur isteach), maidir leis an mbealach ina bhféadfaí giaráil víosaí a úsáid chun torthaí níos fearr a bhaint amach sa réimse a bhaineann le himircigh neamhrialta a fhilleadh agus sa réimse a bhaineann le feidhmiú an tsásra nua atá le cur isteach sa Chód Víosaí.

10. Cé nach bhfuil prionsabal an chódaithe á chonspóid, caithfear tuilleadh plé a dhéanamh faoi cheithre eilimint d'fhonn teacht ar chomhréiteach a bheidh inghlactha maidir le foráil lárnach an togra: (1) an cur chuige atá le leanúint (eadhon ar cheart dreasachtaí diúltacha amháin nó meascán de dhreasachtaí dearfacha agus diúltacha a bheartú), (2) na táscairí chun an méid comhair a thugann tríú tír a mheasúnú, (3) an sásra um ghníomhachtú agus (4) an próiseas cinnteoireachta.

**An cur chuige**

11. Cé gur giaráil 'diúltach' atá sa togra ón gCoimisiún, lena mbeadh coinníollacha níos dochta maidir le víosaí a phróiseáil i bhfeidhm i gcás náisiúnaigh ó thríú tíortha nach gcomhoibríonn ar bhealach leordhóthanach maidir le hathligean isteach, b'fhearr leis an bhFrainc agus leis an nGearmáin meascán de chur chuige dearfach agus diúltach, trína ndeonófaí tuilleadh dreasachtaí víosaí ar náisiúnaigh tríú tír ó thíortha comhoibritheacha, agus ag an am céanna nach mbeadh náisiúnaigh ó thíortha neamh-comhoibritheacha in ann tairbhe a bhaint as cuid de na héascuithe a áirítear sa Chód Víosaí agus go ndíreofaí coinníollacha níos déine orthu nuair a bheadh víosaí á bpróiseáil. Is é an príomhphrionsabal atá mar bhunús ag an togra ón bhFrainc agus ón nGearmáin gur cheart beartas víosaí a úsáid mar uirlis dhearfach fosta chun tabhairt ar thríú tíortha comhoibriú ar bhealach níos fearr i réimse an fhillidh agus ní hamháin mar uirlis phionósach chun pionós a ghearradh ar na tríú tíortha sin i gcás nach bhfuil go leor comhair ann.

12. Le linn an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Víosaí (8 Bealtaine 2018) agus in SCIFA (16 Bealtaine 2018), d'admhaigh cuid de na toscaireachtaí gur bhain breisluach áirithe le cur chuige measctha agus, dá bhféadfaí teacht ar an gcothromaíocht cheart idir dreasachtaí dearfacha agus dreasachtaí diúltacha, go bhféadfaí cur leis an gcur chuige a chuirtear ar fáil le beartas víosaí le cur chuige measctha. Mar sin féin, chuir cuid de na toscaireachtaí in iúl go raibh amhras éigin orthu, agus iad ag aibhsiú go bhforáiltear do dhreasachtaí dearfacha cheana leis na héascuithe atá sa Chód Víosaí agus aird á tabhairt acu ar an mbaol atá ann go mbainfí an bonn den bhreisluach a ghabhann leis na comhaontuithe um eisiúint víosaí a éascú (a shínítear go minic 'mar mhalairt' ar chomhaontuithe um athligean isteach), ar an éifeacht idirdhealaitheach i leith tríú tíortha nach mbaineann fadhbanna maidir le filleadh leo nó a bhfuil dea-leibhéal comhair tugtha acu i gcónaí agus nach mbeadh aon éascú ag gabháil dóibh, mar nach bhféadfaí feabhas ar bith a chlárú maidir le méid an chomhair, an deacracht a bhaineann le 'luaíochtaí' a tharraingt siar nuair a dhéantar iad a dheonú, an chastacht a bhaineann le liostaí difriúla a bhainistiú ar bhonn oibríochtúil agus an riosca go gcuirfí ualach riaracháin níos mó ar na Ballstáit agus ar a gconsalachtaí, chomh maith leis an tionchar a d'imreofaí ar airgeadas na mBallstát dá ndéanfaí táillí na víosaí a laghdú i gcás líon mór tríú tíortha.

*I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Coreper/an Chomhairle an cur chuige is fearr a chur in iúl:*

– *cur chuige na ndreasachtaí diúltacha, arna mholadh ag an gCoimisiún nó*
– *meascán de dhreasachtaí dearfacha agus diúltacha, arna mholadh ag an bhFrainc agus ag an nGearmáin.*

**Na táscairí (Airteagal 25a(2))**

13. Tá trí tháscaire sa togra ón gCoimisiún agus is ceart measúnú a dhéanamh ar an oiread comhair a thugann tríú tír ar bhonn na dtáscairí sin:

a) líon na gcinntí um fhilleadh;

b) líon iarbhír na n-uaireanta a cuireadh daoine ar ais mar chéatadán de líon na gcinntí um fhilleadh a eisítear do shaoránaigh an tríú tír i gceist;

c) líon na n-iarrataí ar athligean isteach ar ghlac an tríú tír leo mar chéatadán de líon na n-iarratas den sórt sin a cuireadh faoina bráid.

Mheas an Coimisiún gur cheart do na táscairí a bheith chomh hoibiachtúil is féidir agus gur cheart go mbainfeadh siad le réimsí a bhfuil sonraí leordhóthanach ar fáil ina leith.

14. Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 26 Aibreán 2018, scrúdaigh an Mheitheal um Lánpháirtiú, um Imirce agus um Dhíbirt (dar tugadh cuireadh do shaineolaithe víosaí) an tsaincheist. Mheas roinnt toscaireachtaí gur cheart táscairí breise a chur san áireamh, go suntasach maidir leis an gcomhar praiticiúil a thugann tríú tíortha maidir le filleadh agus le hathligean isteach. Ar an mbonn sin, chuir an Uachtaránacht comhréiteach féideartha i láthair na Meithle um Víosaí an 7 agus an 8 Bealtaine 2018 (WK 5343/2018). Tugtar an ceathrú táscaire isteach leis an gcomhréiteach seo, a léirítear roinnt eilimintí ina leith (go neamhchuimsitheach):

d) leibhéal an chomhair phraiticiúil i réimse an chomhair um fhilleadh ag céimeanna áirithe den nós imeachta um fhilleadh, amhail:

i. cúnamh a chuirtear ar fáil chun daoine atá ag fanacht go neamhdhlíthiúil ar chríoch na mBallstát a shainaithint agus chun doiciméid taistil a eisiúint go tráthúil;
ii. glacadh le doiciméid taistil an Aontais;
iii. glacadh le cairteitiltí;
iv. glacadh le hoibríochtaí fillte comhpháirteacha.

15. Ba cheart a thabhairt ar aird go mbaineann na táscairí seo le filleadh éigeantach, mar nach gclúdaítear ach an chatagóir seo leis na sonraí atá ar fáil cheana ar leibhéal an Aontais. Tá sé deacair an cineál comhair a mbeifí ag súil go gcuirfeadh tríú tír ar fáil i gcás filleadh deonach a chinneadh.

16. Ag cur san áireamh freisin gurb é an liosta táscairí atá cheana i 'bosca uirlisí Coreper', mar a thugtar air, a spreag an moladh comhréitigh ón Uachtaránacht, fuair sé tacaíocht réasúnta maith ag an gcruinniú thuasluaite a bhí ag an Meitheal um Víosaí.

*I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Coreper/an Chomhairle a dhearbhú cibé acu atá an moladh comhréitigh ón Uachtaránacht (WK 5343/2018) inghlactha.*

**An sásra um ghníomhachtú (Airteagal 25a (2)(3)(4))**

17. Is eilimint thábhachtach den togra é gníomhachtú an tsásra a ndéanfar víosaí a ghiaráil mar thoradh air. Dar leis an Uachtaránacht, ba cheart dó, ag an am céanna, (1) lamháil d'fhreagairt mhear i gcás ina rachaidh leibhéal an chomhair chun donais go tobann (nó i gcás ina dtiocfaidh feabhas air, ag brath ar an bhfreagra a thabharfar ar an gcéad cheist atá sa nóta seo), (2) a bheith oibríochtúil, sin le rá gur cheart dó lamháil don úsáid iarbhír a bhainfear as an sásra, agus aon bhac nach bhfuil ag teastáil a sheachaint, agus, ag an am céanna, (3) cineál polaitiúil an chinnidh (íogair) atá le glacadh a léiriú, agus aon uathoibríocht á seachaint.

18. Sa togra ón gCoimisiún, féadfar cinneadh - arna dhéanamh ag an gCoimisiún - maidir leis an easpa comhair ó thríú tír ar leith agus glacadh na mbeart víosaí (mír 5) a ghníomhachtú trí dhá fhachtóir: measúnú (rialta) arna dhéanamh ag an gCoimisiún ar leibhéal comhair na tíre sin (mír 2) nó fógra ó Bhallstát (mír 3), a bheidh le scrúdú ag an gCoimisiún laistigh de thréimhse aon mhí amháin (mír 4). Tuigtear, faoin struchtúr sin, go mbeidh an Coimisiún fós in ann gníomh cur chun feidhme a mholadh nó gan é a mholadh faoi chuimsiú an nós imeachta coiste, ag brath ar an measúnú a dhéanfaidh sé féin ar an bhfógra ón mBallstát (ó na Ballstáit) agus ar an measúnú rialta a dhéanfaidh sé féin ar an gcomhar ó thríú tíortha maidir le hathligean isteach ar bhonn na dtáscairí ábhartha.

19. Tugtar sásra um ghníomhachtú níos casta le tuiscint leis an moladh ón bhFrainc agus ón nGearmáin - spreagtha den chuid is mó ag an 'sásra fionraíochta' mar a thugtar air[2] - lena gcuirtear feabhas ar ról na mBallstát ionas gurb iad na Ballstáit a thugann treoir pholaitiúil don Choimisiún maidir lena iomchuí is atá sé bearta víosaí a ghlacadh agus maidir le ceapadh na mbeart sin. Sa struchtúr sin, chomh maith leis an dá rogha um ghníomhachtú (measúnú an Choimisiúin féin nó fógra ó Bhallstát), moltar an tríú rogha: má thugann tromlach simplí Ballstát fógra don Choimisiún faoi fhadhb leanúnach (nó faoi fheabhas suntasach) le linn tréimhse aon bhliain amháin, bheadh oibleagáid ar an gCoimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh laistigh de thrí mhí, agus aird á tabhairt aige ar an bplé a rinneadh ar ardleibhéal sa Chomhairle.

---

2 Rialachán (AE) Uimh. 2017/371 an 1 Márta 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh saor ón gceanglas sin (athbhreithniú ar an sásra fionraíochta) IO L 69, 061.371, 8 Márta 2017, lch. 1.

20. Seasann tairseach thromlach simplí na mBallstát chun an sásra a ghníomhachtú - ionann is atá sa sásra fionraíochta faoi Rialachán (CE) 539/2001 - do 'tairseach chriticiúil' chun go gcaithfidh an Coimisiún tús a chur leis an bpróiseas, agus é á áireamh go gcuirfear an riail vótála chlasaiceach i bhfeidhm ina dhiaidh sin chun aon bheart a ndéanfaí cinneadh ina leith a ghlacadh ag an gcéad chéim eile.

*Agus an dá rogha thuas á gcur san áireamh, iarrtar ar Coreper/an Chomhairle a léiriú cibé acu an bhfuil siad i bhfabhar an togra ón bhFrainc agus ón nGearmáin a chur leis an sásra um ghníomhachtú a mhol an Coimisiún, lena bhféadfaidh tromlach simplí Ballstát oibleagáid a chur ar an gCoimisiún an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh.*

**An próiseas cinnteoireachta (Airteagal 25a(5))**

21. Suitear sa togra ón gCoimisiún agus sa pháipéar ón bhFrainc agus ón nGearmáin go ndéanfar aon bheart chun díriú ar náisiúnaigh (nó ar chatagóirí náisiúnach) de chuid tríú tír a ghlacadh trí ghníomh cur chun feidhme de chuid an Choimisiúin (ach tugtar ról níos mó do na Ballstáit sa pháipéar ón bhFrainc agus ón nGearmáin i gcás ina dtugann tromlach simplí Ballstát fógra, trí réamhphlé ar leibhéal na Comhairle, ar cheart don Choimisiún a chur san áireamh tráth a mbeidh an gníomh cur chun feidhme á chur síos aige). Sa chomhthéacs sin, tabharfar ar aird gur cuireadh clásal gan tuairim isteach in Airteagal 52(2) den Chód Víosaí sa téacs athbhreithnithe a chur an Uachtaránacht faoi bhráid na Meithle um Víosaí, ionas nach mbeadh an Coimisiún in ann an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh in éagmais tromlach cáilithe sa Choiste um Víosaí.

22. Mar sin féin, sa pháipéar ón bhFrainc agus ón nGearmáin agus sa phlé a rinneadh sa Mheitheal um Víosaí ar an 18 Bealtaine 2018 araon, luadh arís an rogha maidir le gníomh cur chun feidhme arna dhéanamh ag an gComhairle, mar a bheartaítear in Airteagal 291(2) CFAE, agus a mhínítear a thuilleadh sa pháipéar ón Uachtaránacht (9139/18).

*I bhfianaise an mhéid sin agus aird á tabhairt ar a íogaire is atá an tsaincheist seo sa chaibidlíocht idirinstitiúideach a dhéanfar amach anseo maidir leis an gcomhad seo, agus ar na réitigh a chuirtear ar fáil sna sásraí comhchosúla atá in ionstraimí dlíthiúla eile, iarrtar ar Coreper/ar Chomhairle a rogha a dhearbhú:*

- *gníomh cur chun feidhme arna dhéanamh ag an gComhairle nó*
- *gníomh cur chun feidhme arna dhéanamh ag an gCoimisiún.*

**Conclúid**

23. Iarrtar ar Coreper/an Chomhairle na ceisteanna thuasluaite a fhreagairt agus treoir pholaitiúil a thabhairt don obair a dhéanfar amach anseo, d'fhonn sainordú caibidlíochta a ghlacadh i ndáil leis an togra maidir leis an gCód Víosaí.